C/2025/2743

16.5.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/2743)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Pessac-Léognan'

PDO-FR-A0162-AM02 — 10.3.2025

1. **Ainm an táirge**

'Pessac-Léognan'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás náisiúnta atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ministère de l'Agriculture, de l'Alimentation, de la Pêche, de la Ruralité et de l'Aménagement du Territoire [An Aireacht Talmhaíochta, Bia, Iascaigh, Gnóthaí Tuaithe agus Pleanála um Úsáid Talún]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin, i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar síos in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní mheastar gur leasuithe ar leibhéal an Aontais iad na leasuithe sin de réir bhrí Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143. Go sonrach:

a) níl i gceist leo athrú ar an ainm nó ar úsáid an ainm, nó ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach i gcás fíona;

b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

c) níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leo.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Lipéadú

Leasaíodh an fhoráil a bhaineann leis an aonad geografach níos leithne chun 'Vin de Bordeaux' agus 'Grand Vin de Bordeaux' a áireamh.

Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Pessac-Léognan

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta dearga*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte sna fíonta. Tar éis an tsaibhrithe, ní mó ná 13,5 % an neart alcóil iomlán de réir toirte a bhíonn sna fíonta dearga. Ag céim an phacáistithe, tá cion aigéid mhalaigh nach mó ná 0,3 gram in aghaidh an lítir ag gach baisc fíona dheirg. Ag céim an phacáistithe, is mar a leanas atá comhdhéanamh na bhfíonta dearga:

— méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) nach mó ná 2 ghram in aghaidh an lítir;

— aigéadacht luaineach nach mó ná 16,33 milleachoibhéis in aghaidh an lítir, nó 0,8 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar H_2SO_4, nó 0,98 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad aicéiteach.

Tá an cion iomlán aigéid agus dé-ocsaíde sulfair mar atá leagtha amach i reachtaíocht an Aontais. Táirgtear na fíonta dearga go príomha ó Cabernet Sauvignon N, an cineál fíniúna sinseartha d'ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint Bordeaux. Tá an cineál oiriúnaithe go foirfe do na hithreacha gairbhéalacha sin ina mbaineann sé an aibíocht is fearr amach. Táirgeann Cabernet Sauvignon N fíonta a bhíonn an-daite a mbíonn struchtúr láidir tainneach acu, ar féidir iad a aosú le roinnt mhaith blianta. Bíonn dea-bholaithe casta ar na fíonta lena mbaineann bolaithe cuiríní dubha go minic, fíonta ina bhforbraítear bolaithe deataithe spíosracha de leathar agus plumaí go minic le himeacht ama. Is minic a chumasctar Cabernet Sauvignon N le cineálacha Merlot N agus Cabernet Franc N, ar cineálacha iad a thugann boige agus a chuireann lena ghalántacht. Déantar é a chumasc uaireanta le Malbec, Petit Verdot N agus Carmenère N, cineálacha ársa Bordeaux a chuireann le castacht na bhfíonta.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *Fíonta geala*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte sna fíonta. Tar éis an tsaibhrithe, ní bhíonn neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta geala níos mó ná 13 %. Ag céim an phacáistithe, is mar a leanas atá comhdhéanamh na bhfíonta:

— méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) nach mó ná 4 ghram in aghaidh an lítir;

— aigéadacht luaineach nach mó ná 16,33 milleachoibhéis in aghaidh an lítir, nó 0,8 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar H_2SO_4, nó 0,98 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad aicéiteach.

Tá an cion iomlán aigéid agus dé-ocsaíde sulfair mar atá leagtha amach i reachtaíocht an Aontais. Táirgtear na fíonta geala tirime ó fhíonchaora Sauvignon B agus Semillon B den chuid is mó. Nuair a bhíonn siad óg, bíonn dath buí na tuí orthu agus iad sách éadrom. Bíonn siad torthaíoch, bríomhar agus láidir. Agus iad cumaiscthe i gcoibhneasa éagsúla le fíonchaora Sauvignon Gris G nó Muscadelle B, bíonn cumhrán casta acu. Le himeacht ama, tagann dath fíneálta órga orthu agus tagann dea-bholaithe bláthacha an-éadrom chun cinn, a thugann bláth agus rosán líoma chun cuimhne uaireanta. Nuair a bhíonn siad lánaibí, éiríonn na fíonta geala níos feolmhaire, níos maothlaí agus fanann siad níos faide sa bhéal.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1.

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ceadaítear teicnící laghdúcháin saibhrithe i gcás fíonta dearga suas go ráta tiúchana 15 %. Tar éis an tsaibhrithe, ní mó ná 13 % an neart alcóil iomlán de réir toirte a bhíonn sna fíonta geala. Tar éis an tsaibhrithe, ní mó ná 13,5 % an neart alcóil iomlán de réir toirte a bhíonn sna fíonta dearga.

I dteannta na fórála thuas, ní mór do na cleachtais fhíoneolaíocha a leantar na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um Iascaireacht Mhuirí a chomhlíonadh.

2.

An modh saothraithe

Is é 6 500 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha. Ní mó ná 1,6 méadar an fad idir na rónna agus is é 0,8 méadar ar a laghad an fad idir plandaí sa ró céanna.

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil ag céim na nduilleog neamhfhillte ar a dhéanaí (céim 9 Lorenz), agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda dáilte mar a leanas.

— Prúnáil ‘gearr’ (nó spoir) agus prúnáil ‘cána’ (nó fhada): bíonn seacht mbachlóg ar a mhéad ar chánaí i gcás na gcineálacha Cabernet Sauvignon N, Cot N, Merlot N, Muscadelle B, Petit Verdot N agus Semillon B. I gcás Cabernet Franc N, Carmenère N agus Sauvignon B, is ocht mbachlóg an t-uasmhéid. Bíonn dhá spor ar a mhéad, a phrúnáiltear go bachlóg amháin.

— Déantar prúnáil spoir ar dhá thródam nó déantar treorú ‘éventail’ le ceithre ghéag.

I gcomhréir leis an gCód um Ghnóthaí Tuaithe agus um Iascaireacht Mhuirí, ní cheadaítear uisciú le linn shéasúr fáis na bhfíniúnacha ach amháin má chuireann triomach leanúnach isteach ar fhorbairt fhiseolaíoch cheart na bhfíniúnacha agus ar aibiú na bhfíonchaor.

b. *Uastáirgeacht*

1.

60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a dhéanamh, a aibiú agus a phacáistiú i gcríoch na mbardas seo a leanas de roinn Gironde, ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 26 Feabhra 2020: Cadaujac, Canéjan, Gradignan, Léognan, Martillac, Mérignac, Pessac, Saint-Médard-d'Eyrans, Talence and Villenave-d'Ornon.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N

Carmenère N

Cot N – Malbec

Merlot N

Muscadelle B

Petit Verdot N

Sauvignon B – Sauvignon Blanc

Sauvignon Gris G – Fié Gris

Semillon B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Cumhdaíonn an limistéar geografach an chuid thuaidh den limistéar ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Graves'. Tá teorainn aige le Bordeaux ar an taobh thiar agus ó dheas den chathair, ar bhruach clé Abhainn Garonne.

Is fianaise iad na hithreacha saintréithiúla ar chúrsaí níos luaithe an Garonne, a d'athraigh ag deireadh an Treasaigh agus le linn an Cheathartha mar thoradh ar oighearshruthanna na bPiréiní a leáigh i ndiaidh a chéile. Ag an am sin, iompraíodh cainníochtaí móra ábhar le sruth agus, ag brath ar neart na sruthanna agus ar dhlús na ndríodar, sil-leagadh an t-ábhar ar iar-ghrinnill na farraige ar a raibh aolchloch agus gaineamh sliogánach. Tháirg próiseas an chreimthe na hithreacha seo a leanas:

— ithreacha a foirmíodh ar ghairbhéal nó ar phúróga uisce-chaite, a bhain amach doimhneacht 3 mhéadar nó níos mó;

— ithreacha a foirmíodh ar chré chailcreach, ghainmheach agus shliogánach, ina suí ar bhuncharraig aolchloiche briste agus póiriúil.

Cruthaíonn castacht sin na hithreach comhshaol nádúrtha saibhir don ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint.

Tá na sil-leagain ghairbhéil suite i dtírdhreach réidh droimneach, agus cruthaíonn siad mullóga dea-shainithe go háirithe sa tírdhreach. Soláthraítear leis na fánaí réidhe draenáil nádúrtha den scoth, le cuidiú ó líonra mór aibhneacha beaga, craobh-aibhneacha an Garonne.

Is iondúil go mbíonn an aeráid ionadaíoch ar Gironde, fionnuar agus oiriúnach d'fhíniúnacha mar gheall ar a séimhe agus a báisteach tráthrialta. Rialaítear an teocht a bhuí le cosaint na coda d'fhoraois Landes i roinn Gironde, ó dheas, agus an tAigéan Atlantach san iarthar.

Tá gné ar leith ag baint leis an limistéar geografach, is é sin go bhfuil sé suite ar imeall chathair Bordeaux, áit a bhfuil forbairt uirbeach timpeall air in áiteanna.

De réir mar a d'fhás sí, chuaigh an chathair thar theorainn na bhfíonghort. Laistigh den limistéar geografach aonair a bheadh ina limistéar den ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Pessac-Léognan' ina dhiaidh sin, cailleadh os cionn 3 000 heicteár d'fhíonghoirt 'Graves', lena n-áirítear na céadta den cháilíocht 'cru', idir tús an 20ú céad agus na 1970idí. Faoin am sin, ní raibh fanta ach 550 heicteár.

Ansin thóg grúpa fíonsaothraithe óga an chúis orthu féin na fíonghoirt a athshlánú agus d'iarr siad go ndéanfaí an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Graves', mar a bhí ag an am, a athstruchtúrú. Mar thoradh air sin, le Foraithne an 9 Meán Fómhair 1987, tugadh an stádas céanna don ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Pessac-Léognan' agus a tugadh d'ainmniúcháin bhardasacha 'Médoc'. Aithníodh leis sin saintréithe sonracha an limistéir gheografaigh, a bhain ar dtús le 'terroir' an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe 'Graves' agus cuid dhílis dá limistéar geografach.

Fásadh in aeráid mhuirí é, ó bhí an 17ú céad ann, ba ghá tacú leis na fíniúnacha ar thacaí fíniúnacha. Mar thoradh ar úsáid fhorleathan treilísithe agus modh prúnála atá dian go leor, tá buaint dea-dháilte agus ceannbhrat leordhóthanach ann le haghaidh fótaisintéis éifeachtach agus na haibíochta is fearr is féidir. Ar an gcuma chéanna, chun táirgeacht iomarcach ar gach fíniúin a sheachaint agus chun an aibíocht agus an tiúchan is fearr is féidir a áirithiú sna fíonta, tá an dlús plandaithe ard.

Is éard atá sa limistéar atá críochaithe chun fíonchaora a bhaint dáileachtaí talún arb í ithir idir gairbhéalach agus gainmheach/gairbhéalach, ach cré-aolchloch freisin uaireanta, is saintréith dóibh. Tá acmhainneacht draenála leordhóthanach ag na dáileachtaí talún mar gheall ar a dtréscaoilteacht nó a bheith suite ar fhánaí. Níl dáileachtaí talún atá suite ar shil-leagain ghláracha a sil-leagadh le déanaí, ar ghaineamh nó ar fho-ithir neamhscagach incháilithe.

Leis na dáileachtaí talún sin atá sainithe go cúramach, is féidir an fhorbairt is fearr is féidir a dhéanamh ar na cineálacha fíniúna áitiúla a roghnaíodh le himeacht ama dá gcáilíochtaí coinneála agus aosaithe. Léiríonn cáilíochtaí den sórt sin gur ghá go stairiúil na fíonta a iompar thar achair fhada.

Baineann na fíonta dearga tairbhe as aosú fada, rud is gá chun aibíocht agus léiriú optamach na bhfíonta sin a bhaint amach sula gcuirtear ar an margadh iad do thomhaltóirí.

Bíonn na fíonta geala tirime a fhástar ar na hithreacha níos gainmheacha nó crébhunaithe galánta thar an gcoitiantacht lena mbaineann blasanna bláthacha agus torthaíocha, ach atá úr.

Bunaíodh gnólacht rathúil a sheol na fíonta sin ar fud an domhain i gcalafort Bordeaux. Mar gheall ar a chóngaraí atá an limistéar ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, bhain 'Pessac-Léognan' cáil amach go tapa ar fud an domhain, ag baint tairbhe as teicnící nuálacha, ag spreagadh gabháltas chun forbairt agus, ar an gcaoi sin, ag cur ar a gcumas dóibh forbairt agus seanchleachtais a choinneáil ar bun an tráth céanna.

Glacann beagnach gach táirgeoir 'Pessac-Léognan' páirt sa díolachán 'en primeur' ar Place de Bordeaux, traidisiún is saintréith d'fhíonta móra Bordeaux é. Tarlaíonn an díolachán san earrach tar éis na buana, agus bíonn na bróicéirí, ar a dtugtar 'cúirteoirí' go háitiúil, ag gníomhú mar idirghabhálaithe idir úinéirí agus ceannaithe fíona. Tar éis an idirbhirt, fanann an fíon faoi chúram an díoltóra agus déantar é a stóráil agus a aibiú go dtí go mbíonn sé réidh lena phacáistiú.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Chun saintréithe fíor-riachtanacha agus barántúlacht na bhfíonta a chaomhnú, déantar iad a phacáistiú laistigh den limistéar geografach. Bíonn an pacáistiú i mbuidéil ghloine nó i bhfolúsphacáistí aerdhíonacha suas le 5 lítear. Tarlaíonn sé ag an áitreabh inar buaineadh na fíonchaora agus ina ndearnadh fíon díobh.Aibítear na fíonta dearga go dtí an 15 Meán Fómhair den bhliain tar éis bhliain na buana ar a laghad. Aibítear na fíonta geala go dtí an 15 Márta den bhliain tar éis bhliain na buana ar a laghad.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

D'fhéadfadh an t-aonad geografach níos leithne 'Vin de Graves' nó 'Grand Vin de Graves' nó 'Vin de Bordeaux' nó 'Grand Vin de Bordeaux' a bheith ar aon fhaighteoir, lipéad nó bróisiúr. I dtaca leis an aonad geografach leathan sin, is éigean nach mbeadh na litreacha a úsáidtear ann níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid litreacha ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

D'fhéadfadh an t-aicmiú 'Cru Classé de Graves' a bheith in ionad an aonaid gheografaigh níos leithne 'Vin de Graves' nó 'Grand Vin de Graves' ar choinníoll go n-urramaítear na coinníollacha céanna maidir le cur i láthair agus méid litreach.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-eafa5b1a-119b-4042-814b-a0a10646c996